

## BUISÉAD 2012

### Filleadh ar Fhás Eacnamaíochta in 2011

Fás de 1% in 2011 tuartha don gheilleagar, an chéad mhéadú ó 2007.

Fás de 5.5% i dtéarmaí bliantúla, ar easpórtálacha sa chéad leath de 2011.

Tagann an t-easnamh Rialtais Ghinearálta de 10.1% de OTI, réamh-mheasta do 2011, go maith lenár dtiomantais chláir agus is feabhas suntasach é ar an easnamh bunúsach de 11.5% in 2010.

### Buiséad 2012 – Príomh-Fhigiúirí

Méadú de 1.3% san OTI tuartha do 2012.

Tiocfaidh an tEasnamh Rialtais Ghinearálta de 8.6% de OTI in 2012 lenár dtiomantais i leith sprice. Is den riachtanas é an chéim seo d'fhonn cobhsaíocht gheilleagrach a fháil ar ais agus cinnteoidh sé maoiniú poiblí inmharthana agus soláthróidh sé bonn i leith fáis inmharthana agus jabanna.

Coigeartuithe de €3.8bn tugtha isteach i mBuiséad 2012.

Caiteachas comhdhlúite de €2.2bn ar a n-áirítear €1.45bn as caiteachas reatha agus €0.75bn as caiteachas caipítíl.

Ioncam Cánach comhdhlúite de €1.6bn ar a bhfuil timpeall €1bn de bharr bearta nua Cánach.

Ní ciorraithe agus cánachas méadaithe amháin atá i gceist i mBuiséad 2012. I gcroílár an bhuiséid tá fás inmharthana, jabanna, agus daoine inleonta a chosaint.

### Muinín agus Cinnteacht a Mhúscailt

Gan athrú ar an ráta cánach corparáideach de 12.5%.

Gan athrú ar na rátaí cánach ioncaim, bandaí agus creidmheasanna san áireamh.

Togann Buiséad 2012 ar an Tionscnamh Jabanna. Níl aon athrú ar an ráta 9% CBL don earnáil turasóireachta.

Gan aon athrú ar bhunrátaí leasa shóisialaigh, ar rátaí pinsin stáit agus ar bhunráta sochair linbh. Coinnítear na rátaí seo in 2012.

Díolmhaigh oibrithe ar isealphá, oibrithe páirt-aimseartha agus séasúrtha le hioncam bliantúil níos lú ná €10,036 ón Mhuirear Uilíoch Sóisialach (méadaithe ó €1,004).

### Ag Tacú le Fás agus Jabanna

Creidmheas do Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBM) ar a bhfuil ardspríocanna iasachta do na Bainc lárnacha ar mhaithe le FBM.

Réimse de bhearta ard-torthúla do shain-earnálacha d'fhonn tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha.

Clár caipítíl infheistíochta 5 bliana de €17 billiún.

Léiríonn infheistíocht de €14m in 2012 tiomantas láidir leanúnach an Rialtais chun cuidiú leis na clárachta fiontraíochta agus Taighde & Forbartha.

Ciste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair d'fhonn 6,500 áit a sholáthar do dhaoine dífhostaithe fad-téarmacha.

Leanfar le priorachtú Bhuiséad UFT agus Fiontar Éireann d'fhonn cabhrú leis na gníomhaireachtaí cruthaithe jabanna fostaíocht nua a sholáthar agus spríocanna úra infheistíochta a bhaint amach.

### Bearta do Shain-Earnálacha

Clár Faoisimh Speisialta i leith sannaithe chun daoine le hard-scileanna a mhealladh go hÉirinn agus Aisbhaint ó Thuillimh Eachtrach chun cuidiú le gnólachtaí ilnáisiúnta agus dúchasacha leathnú amach ins na tíortha BRICS.

Tacu le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide fás agus jabanna a chruthú trí rochtain a chinntiú ar réimeas creidmheasa cánach T&F atá spriocdhírthe agus trí shíneadh trí bliana ar an bhfaoiseamh cánach corparáideach a thabhairt do chuideachtaí tionscantacha.

An Earnáil Maoine, Togála agus Forbartha a athspreagadh trí laghdú sa ráta dleacht stampála i leith maoine tráchtála ó 6% go 2%, agus dreasacht maidir le Cáin Ghnóthachain Chaipitiúla a thabhairt isteach.

Faoiseamh breisithe Stoic agus faoiseamh scoir d'fhonn cuidiú leis an earnáil Talmhaíochta fás agus forbairt ar scála domhanda sa todhchaí.

### Ár Seirbhísí Poiblí a Chuíchóiriú

Titfidh líon foirne sa tSeirbhís Phoiblí de 6,000 in 2012 go 294,000, le coigiltis phá de €400m.

Laghdú de 37,500, nó 12% den fhoireann, ar bhonn leibhéil 2008 faoi 2015.

Thar an tréimhse 7 mbliana ó 2008 go 2015 beidh laghdú de €315 billiún nó 20% ar chostas pá do sheirbhísigh poiblí.

## **Príorachtaí**

Baineann 80% den chaiteachas reatha le coimirce shóisialach, sláinte agus oideachas. Ní féidir an caiteachas a laghdú gan cur isteach ar na Réimsí seo.

De bharr athphríorachtú ar ár n-achmhainní tá ar ár gcumas tionscnaimh nua structúracha a thabhairt isteach, mar seo a leanas:

- €35m a sholáthar d'fhonn foirne agus seirbhísí meabhair-shláinte pobail a fhorbairt faoi mar a imlínítear in “A Vision for Change”, agus €15m chun rochtain ar chúram príomhúil a mhaoiniú, gan táille ar éilitheoirí drugaí saor in aisce faoin scéim um Thinneas Fadtéarmach
- €10m i leith ciste nua Mhicrea-airgeadais, chomh maith le scéim shealadach um Ráthaíocht páirt-chreidmheasa d'fhonn cuidiú le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
- €20m don Chiste um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair dírithe go sainiúil ar dhífhostaithe fadtéarmacha d'fhonn 6,500 áit nua agus breis a sholáthar an bhliain seo chugainn

## **Tacaíochtaí Morgáiste**

Cuidiú le Sealbhóirí Morgáiste a ghlac a gcéad mhorgáiste ar uasphraghsanna maoiné, tríd an bhfaoiseamh ar Ús Morgáiste a mhéadú go 30% i gcás daoine a cheannaigh a dtithe idir 2004 agus 2008.

Spreagadh a thabhairt do cheannaitheoirí-céad-uairé chun a gcéad teach a cheannach in 2012, tríd an bhfaoiseamh ar Ús Morgáiste de 25% a leathnú chuig ceannaitheoirí céad uaire ar feadh 12 mhí go dtí deireadh 2012, ach gan dul thairis.

Cinntiú go gcuireann na Baine creidmheas morgáiste ar fáil chun ligean do dhaoine deis a bhaint as an bhfaoiseamh ar ús mhorgáiste.

## **Cánachas**

Is é an bunphrionsabal leis na hathruithe cánach ná córas cánach atá cothrom, forásach, a thacaíonn leis an ngealleagar, a chruthaíonn jabanna agus a thugann luach saothair ar obair.

Díríonn na bearta chun ioncam stáit a mhéadú ar Chánacha Chaipitiúla agus Indíreacha, mar sin, chuirtear teorainn le tionchar diúltach ar fhás an gheilleagair agus ar jabanna.

Méadú ar an ráta caighdeánach CBL de dhó faoin gcéad go 23%.

Muirear teaghlaigh de €100 tugtha isteach chun bunseirbhísí áitiúla a mhaoiniú.

Méadú de €5 go €20 an tona ar Cháin Charbóin le héifeacht ó mheánoíche ar oíche an Bhuiséid ar pheitreal agus ar dhíosal, agus ó 1 Bealtaine 2012 ar bhreoslaí eile iontaise seachas breoslaí cruá.

Árdú de 25 ceint ar thoitíní.

Méadú ar rátaí mhótar cánach.

## **Córas Cánach Níos Cothroime: Méadú Cánacha ar Rachmas**

Méadú ar cháin ar fháltais chaipitiúla, ar cháin ar ghnóthachain chaipitiúla, agus méadú go 30% ar Cháin Coinneála ar Ús Cuntas Taisce.

Formhuirear ar Fhaoiseamh maoiné de 5% i gcás mórinfheisteoirí.

ÁSPC a leathnú chuig ioncam a bhí díolmhaithe roimhe seo.